C/2024/5341

29.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11646 - CVC / CINVEN / PARTNER IN PET FOOD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5341)

1. An 20 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Cinven Capital Management (VI) General Partner Limited, atá mar chuid de Cinven ('Cinven', Geansaí),

— Partner in Pet Food Hungaria Kft. ('Partner in Pet Food', an Ungáir), faoi rialú Artemis Acquisitions Topco Limited ('Artemis Acquisitions') ([2]).

Gheobhaidh CVC agus Cinven rialú comhpháirteach ar Partner in Pet Food de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn CVC comhairle infheistíochta do chistí agus meáin infheistíochta áirithe agus/nó déanann sé infheistíochtaí ('Cistí CVC') a bhainistiú thar a gceann. Tá leasanna ag na Cistí CVC i gcuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta. Tá na cuideachtaí i bpunann infheistíochtaí chistí Cinven gníomhach i réimse leathan fo-earnálacha, agus is iad sin go príomha seirbhísí gnó, tomhaltóra, airgeadais, cúram sláinte, tionsclaíocht agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Partner in Pet Food: Bia peataí tionsclaíoch a mhonarú agus a sholáthar. Cumhdaíonn a raon táirgí speicis éagsúla peataí, agus dírítear go háirithe ar chait agus ar mhadraí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) Tá gníomhaíochtaí Artemis Acquisitions teoranta do ghníomhaíochtaí sealúchais, cinntí straitéiseacha a dhéanamh de réir na ndoiciméad rialachais agus na paraiméadair a leagan síos do straitéis Partner in Pet Food.
([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11646 - CVC / CINVEN / PARTNER IN PET FOOD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË